Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 33

# Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, tá ceanglas orm gach bliain cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoi réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun fóirdheontais, deontais-i-gcabhair agus deontais a íoc.

Tá an táirgeacht chaiteachais curtha i gcomparáid leis na suimeanna a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Tá barrachas €1.98 milliún dlite i gcomhair géillte don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina bpáirt den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, cé is moite den méid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

Níl maoine stairiúla ar leith cosúil le páirceanna náisiúnta, agus sócmhainní oidhreachta cosúil le déantáin agus lámhscríbhinní, luacháilte.

## Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá at fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas ar bith de rialú airgeadais inmheánach ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

***An timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht um rialú, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, in áit

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú, agus
- tá Coiste Iniúchóireachta in áit chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear fócas iomchuí ar an dea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Tá an Roinn comhlíontach seachas i gcás sé chonradh ar luach de €1,549,593. Cuireadh na conarthaí seo san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/2002. Bhain ceithre chonradh ar luach €1,248,879 le conarthaí mar nach raibh na gnáthnósanna imeachta tairisceana oiriúnach, ós rud é gur sholáthraithe aonair a bhí sna soláthróirí faoi thrácht. Síneadh dhá chonradh ar luach €300,714 thar bhundáta an chonartha agus tá bearta á ndéanamh ag an Roinn le cinntiú go gcuirtear tairiscintí i bhfeidhm i 2015 do na seirbhísí seo.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Ní heol dom aon rioscaí suntasacha airgeadais bainteach go háirithe leis an Vóta.

Chomhlíon mé mo dhualgais maidir le na riachtanais an Chomhaontú Sheirbhís Bhainistíochta idir an Roinn agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Roinn Dlí agus Ceart agus Comhionannas go bhfuil na srianta cuí á chleachtadh agus iad ag soláthair seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agamsa. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaíonn mise, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in áit agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

**Seosamh Ó hÁghmaill**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

31 Márta 2015

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn as iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 8 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2014 do cheisteanna áirithe a bhaineann le Vóta 33, Ealaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2015

# Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar an mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 137,949 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,499) | 135,450 | 129,288 | 125,445 |
| B | Oidhreacht | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 45,290 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,500 | 47,790 | 48,344 | 48,146 |
| C | An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin | | | 41,409 | 40,389 | 41,849 |
| D | Comhoibriú Thuaidh-Theas | | | 39,248 | 39,145 | 40,172 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 263,896 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1 | **263,897** | **257,166** | **255,612** |
| | Lúide | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **4,439** | **5,904** | **5,778** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 259,457 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | | **259,458** | **251,262** | **249,834** |

**Barrachas i gcomhair géillte**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlain fheidhmithe dlite i gcomhair géillte don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasaí do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 8,195,950 | 1,601,288 |
| Géilleadh iarchurtha | (6,216,000) | — |
| Barrachas le géilleadh | 1,979,950 | 1,601,288 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 28,440 | 29,865 | 30,183 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,463 | 1,032 | 1,104 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,007 | 496 | 462 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 626 | 494 | 535 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 2,006 | 1,248 | 2,020 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 795 | 649 | 809 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 100 | 7 | 61 |
| *viii* | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *387* |
| | | 34,437 | 33,791 | 35,561 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 223,375 | 220,050 |
| Pá | | 29,865 | 30,486 |
| Neamhphá | | 3,926 | 5,076 |
| **Ollchaiteachas** | | **257,166** | **255,612** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,904** | **5,778** |
| **Glanchaiteachas** | | **251,262** | **249,834** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead Ceannachán | (1,522) | | |
| Dímheas | 1,504 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 65 | | |
| | | 47 | (1,453) |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | — | (19) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (253) | | |
| Laghdú ar stoc | 14 | | |
| | | (239) | (539) |
| **Caiteachas díreach** | | **251,070** | **247,823** |
| | | | |
| **Caiteachas a íocadh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 9,073 | 9,862 |
| Measchíosanna | | 648 | 4,179 |
| **Glanchostas an chláir** | | **260,791** | **261,864** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 33 agus a íocadh in áit eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 2,500 | 3,602 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 5,604 | 5,438 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 810 | 605 |
| Ciste Lárnach - pinsin Aireachta | m | 129 | 187 |
| | | **9,073** | **9,862** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhordaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **50,031** | **50,077** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 8,098 | 1,361 |
| Stoic | 2.4 | 324 | 338 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,676 | 2,417 |
| Ioncam fabhraithe | | 199 | 242 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 3,043 | 1,366 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **13,340** | **5,724** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 390 | 1,426 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 3,895 | 2,543 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 7,246 | 184 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **11,531** | **4,153** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,809** | **1,571** |
| **Glansócmhainní** | | **51,840** | **51,648** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.1 | **51,840** | **51,648** |

| **2.1 Cuntas Chiste an Stáit** | **Note** | **2014** | | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 51,648 | 49,811 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar an mheastacháin | Cuntas | 259,458 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (6,216) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,980) | | |
| Vóta glan | | | 251,262 | 249,834 |
| **Earraí eile neamhairgid** | | | | |
| Coigeartú i gcás sócmhainní níos lú ná €1,000 | | | — | (397) |
| Glan-choigeartú i gcás sócmhainní nár taifeadadh roimhe seo | | | — | 223 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áit eile | 1 | | 9,073 | 9,862 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 648 | 4,179 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (260,791) | (261,864) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **51,840** | **51,648** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Fearais agus innealra | Trealamh oifige agus TF[a] | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2014 | 45,717 | 7,612 | 8,120 | 4,057 | 65,506 |
| Breiseanna | 707 | 15 | 778 | 22 | 1,522 |
| Diúscairtí | — | (621) | (151) | (75) | (847) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2014 | 46,424 | 7,006 | 8,747 | 4,004 | 66,181 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2014 | 273 | 6,772 | 6,108 | 2,276 | 15,429 |
| Dímheas don bhliain | 236 | 285 | 842 | 141 | 1,504 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (604) | (138) | (41) | (783) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2014 | 509 | 6,453 | 6,812 | 2,376 | 16,150 |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2014** | **45,915** | **553** | **1,935** | **1,628** | **50,031** |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2013** | **45,444** | **840** | **2,012** | **1,781** | **50,077** |

[a] Sholáthair an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil seirbhís TEC-bhainistithe do shócmhainní TE an Rannáin Oidhreachta ar son Roinn na nEalaíon, na hOidhreachta agus na Gaeltachta agus tá siad seo taifeadta ar chlár a cuid sócmhainní. Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tús le próiseas i 2014 le sceideal comhaontaithe a thiomsú de gach sócmhainn oidhreachta TEC a bhainistítear ar son Roinn na nEalaíon, na hOidhreachta agus na Gaeltachta sa chás go ndéantar téarmaí na seirbhíse reatha TEC-bhainistithe a athrú nó go mbíonn deireadh leo sa todhchaí, rud a d'fhágfadh go mbeadh aistriú sócmhainní ag teastáil.

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 8,043 | 723 |
| Cuntais bhainc tráchtála[a,b] | 55 | 641 |
| Orduithe gan réiteach | — | (3) |
| | 8,098 | 1,361 |

[a] Cuirtear an iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála i láthair ar leithligh agus rinneadh an figiúr comparáideach a athaicmiú.

[b] Áirítear mar chuid d'iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála €46,000 i 2014 (2013: €529,000) maidir le cuntas bainc tráchtála a fheidhmítear ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | 58 | 64 |
| Breoslaí agus leasacháin | 32 | 33 |
| Stáiseanóireacht | 17 | 25 |
| Tomhaltáin trealaimh | 10 | 10 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 8 | 11 |
| Tomhaltáin TF | 51 | 35 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 87 | 113 |
| Beostoc | 61 | 47 |
| | 324 | 338 |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Ciste Comhshaoil | 1,589 | 1,059 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 527 | 19 |
| Scéim na gCoillte Dúchasacha | — | 42 |
| Guntas fionraí Párolla (Paypath) | 554 | — |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 373 | 246 |
| | 3,043 | 1,366 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 426 | 429 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 214 | 208 |
| Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla | 178 | 156 |
| Cáin na gConarthaí Ábhartha | 2 | 2 |
| Cáin Bhreisluacha | 181 | 129 |
| Asbhaintí pinsin | 146 | 10 |
| | 1,147 | 934 |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 409 | 411 |
| Aran LIFE | 792 | 865 |
| Kerry LIFE | 1,210 | — |
| Eile | 337 | 333 |
| | 3,895 | 2,543 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 1,980 | 1,601 |
| Géilleadh iarchurtha | 6,216 | — |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (950) | (1,417) |
| Glandliteanas don Státchiste | 7,246 | 184 |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 8,098 | 1,361 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 3,043 | 1,366 |
| | 11,141 | 2,727 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,147) | (934) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (2,748) | (1,609) |
| | (3,895) | (2,543) |
| | 7,246 | 184 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais ilréimseacha** | | |
| Scéim Chúiteamh Baint Móna | 22,182 | 17,661 |
| Oileáin | 14,177 | 15,885 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 6,334 | 7,804 |
| ACCESS (deontais forbartha cultúir) | 5,378 | 6,649 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 4,520 | 3,599 |
| Tionscadail chaipitil ealaíon eile | 3,643 | 3,690 |
| Oidhreacht Nádúrtha (an tseirbhís náisiúnta páirceanna agus fiadhúlra) | 1,660 | — |
| Deontais agus seirbhísí soláthraithe agus earraí eile | 2,139 | 1,560 |
| Iomlán na gceangaltas atá in-fhorghníomhaithe le dlí | 60,033 | 56,848 |

**2.9 Dliteanais Aibithe**

Ba €15,938 (2013: €98,546) an meastachán de dhliteanais aibithe nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fho-mhírcheann

| | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar an mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán** | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 5,624 | 5,771 | 4,967 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,406 | 897 | 1,017 |
| A.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | | 40 | 40 | 48 |
| A.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | | 1,266 | 1,190 | 1,195 |
| A.5 | Costais Ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford | | 10,437 | 10,437 | 11,070 |
| A.6 | Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | | 3,200 | 3,180 | 3,894 |
| A.7 | Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | | 5,600 | 5,909 | 5,362 |
| A.8 | Cultúr Éireann | | | | |
| | *Bunúil* | 2,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 650 | 3,150 | 3,158 | 3,207 |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 56,893 | 56,668 | 60,602 |
| A.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | | 11,458 | 11,864 | 11,674 |
| A.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | | 6,340 | 6,340 | 6,605 |
| A.12 | Bord Scannán na hÉireann | | 13,962 | 13,962 | 14,858 |
| A.13 | Uachtaránacht an AE - An Clár Cultúir | | — | — | 946 |
| A.14 | Cathair Cultúrtha Náisiúnta | | 6,000 | 7,117 | — |
| A.15 | Deich mBliana Comóradh an Chéid 1912 – 1922 | | 3,223 | 1,999 | — |
| A.16 | Ionad Imeacht Corcaí | | | | |
| | *Bunúil* | 10,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,149) | 4,851 | — | — |
| A.17 | EXPO Milano | | | | |
| | *Bunúil* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | 2,000 | 756 | — |
| | | | 135,450 | 129,288 | 125,445 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach fo-mhírcheann áit a bhfuil an táirgeacht athruithe ón méid measta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a bhí measta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 509 | Tharla an choigilt de bharr caiteachais níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta i réimsí taistil agus cothabhála, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht gníomhach sna réimsí seo le cinntiú go bhfuil na costais íoslaghdaithe. |
| Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | (309) | Tharla an caiteachas breise de bharr go ndeachaigh tograí áirithe chun cinn níos tapúla ná mar a bhí súil leis i dtosach. |
| Cathair Cultúrtha Náisiúnta | (1,117) | Soláthraíodh maoiniú méadaithe do Chathair Chultúir Luimnigh de bhun iarratais ó Chomhairle Chathair agus Chontae Luimnigh. Fuarthas ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh aistriú suas le €1.5 milliún go fo-cheannteideal A.14 *Cathair Náisiúnta Chultúir* ó ábhar coigiltis ar an Vóta. Lorgaíodh an maoiniú breise maidir le raon gníomhaíochtaí, lena n-áirítear imeachtaí idirnáisiúnta, coimisiúnú, imeachtaí oidhreachta, tionscadail Déanta i Luimneach agus do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Faoi mar a tharla, rinneadh coigilteas de rud beag níos mó ná €1.1 milliún agus baineadh feidhm as an méid seo don tionscadal. |
| Deich mBliana Comóradh an Chéid 1912 – 1922 | 1,224 | Tharla coigiltis de bharr dul chun cinn níos moille ná mar a bhí súil leis i roinnt tograí cuimhneacháin, go háirithe An t-Ionad Léirithe agus Taispeántais ag Ard Oifig an Phoist. |
| Ionad Imeacht Corcaí | 4,851 | Níor glacadh leis an bhforáil ceadaithe de bharr an castacht a bhain leis an togra agus toisc gur thóg an próiseas tairisceana níos mó ama ná mar a bhí súil leis. |
| EXPO Milano | 1,244 | Sannadh bainistiú an tionscadail ar an Roinn i lár 2014 agus leithdháileadh acmhainní breise de €2 mhilliún i bhfoirm mheastacháin fhorlíontaigh. Tharla coigiltis de bharr dul chun cinn níos moille ná mar a bhí súil leis maidir le oibrithe caipitil i Milan. |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Oidhreacht** | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | 18,591 | 19,734 | 22,355 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,733 | 2,174 | 3,284 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 4,493 | 4,493 | 4,446 |
| B.4 | Oidhreacht thógtha | | 2,346 | 2,323 | 2,535 |
| B.5 | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | | | | |
| | *Bunúil* | 11,803 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,500 | 14,303 | 14,296 | 15,173 |
| B.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | | 324 | 324 | 353 |
| B.7 | Scéim Tacaíochta Post san Oidhreachta Thógtha | | 5,000 | 5,000 | — |
| | | | 47,790 | 48,344 | 48,146 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €554,000 níos airde ná mar a ndearnadh soláthar dó.

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 3,453 | 3,255 | 2,938 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 1,143 | 467 | 734 |
| C.3 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | 7,522 | 7,555 | 8,266 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,695 | 3,768 | 4,327 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | 567 | 566 | 596 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta – riarachán | 8,798 | 8,798 | 9,009 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | 3,000 | 3,000 | 3,400 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | 5,687 | 5,687 | 6,000 |
| C.9 | Na hOileáin | 6,544 | 6,543 | 6,579 |
| C.10 | Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 | 500 | 500 | — |
| C.11 | Deich mBliana Comóradh an Chéid – Teach an Phiarsaigh | 500 | 250 | — |
| | | 41,409 | 40,389 | 41,849 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €1.02 milliún níos ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó. Seo a leanas na difríochtaí suntasacha:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a bhí measta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 676 | Tharla an choigilt de bharr caiteachais a bheith níos ísle ná mar a bhí measta i réimsí taistil agus cothabhála, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghéar go gníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo le cinntiú go bhfuíl na costais íoslaghdaithe |
| Deich mBliana Comóradh an Chéid – Teach an Phiarsaigh | 250 | Tharla coigiltis toisc nach ndeachaigh an togra chun cinn chomh tapaigh agus a bhí súil leis de bharr ceadúnas pleanála agus nithe bainteach le sealbhú talún. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Comhoibriú Thuaidh-Theas** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 772 | 1,105 | 226 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 715 | 388 | 40 |
| D.3 | An Foras Teanga | 13,578 | 13,469 | 14,443 |
| D.4 | Uiscebhealaí Éireann | 24,183 | 24,183 | 25,463 |
| | | 39,248 | 39,145 | 40,172 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €103,000 níos ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a bhí measta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | (333) | Tharla éagsúlachtaí de bharr athruithe i leithdháileadh buiséadú feidhmíochtbhunaithe den mheastachán le léargas níos fearr a thabhairt ar úsáid áiseanna corparáideacha. |
| Riarachán - neamhphá | 327 | Tharla an choigilt de bharr caiteachais a bheith níos lú ná mar a bhí measta i réimsí taistil agus cothabhála, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ar chaiteachas sna réimsí seo leis na costais a íoslaghdú. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | An Chartlann Náisiúnta | 40 | 45 | 48 |
| 2. | Fáltais ilghnéitheacha | 470 | 970 | 742 |
| 3. | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean etc.) | 100 | 128 | 191 |
| 4. | Díol maoine | — | 5 | 4 |
| 5. | Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 365 | 871 | 971 |
| 6. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 3,454 | 3,871 | 3,822 |
| 7. | HRA 'íobairt tuarastail' | 10 | 14 | — |
| | **Iomlán** | **4,439** | **5,904** | **5,778** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach ceannteideal sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%, idir an táirgeacht agus an méid a measadh.

| Cur Síos | Níos lú/(mó) ná mar a bhí measta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha | (500) | Baineann an éagsúlacht le fáltais pinsin níos airde ná mar a bhí súil leo ó Ghníomhaireachtaí. |
| Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | (506) | Baineann an éagsúlacht le admhálacha níos airde ná mar a bhí súil leo sna páirceanna náisiúnta, go háirithe ó Pháirc Náisiúnta Cill Airne agus Teach Mhucrois don chuid is mó, ag léiriú líon mhaith turasóirí ag na háiseanna seo. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | (417) | Baineann an éagsúlacht le admhálacha ó thobhaigh pinsin níos airde ná mar a bhí súil leo ó na Gníomhaireachtaí. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 9 | 13 |
| Admhálacha ó iasachtaí Gaeltachta | 12 | 9 |
| Aistrithe ag an Státchiste | (9) | (13) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 12 | 9 |

# 5 Líon agus Pá na bhfostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne na Roinne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinn | 561 | 566 |
| Gníomhaireachtaí | 917 | 928 |
| | 1,478 | 1,494 |

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 61,921 | 64,021 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 130 | 158 |
| Liúntais eile | 934 | 939 |
| Ragobair | 1,693 | 1,842 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,234 | 5,407 |
| **Pá Iomlán** | **69,912** | **72,367** |

Cuimsíonn an figiúr iomlán pá gnéithe pá ó na fo-mhírchínn seo a leanas: A.1, A.5, A.9, A.10, A.11, A.12, B.1, B.3, C.1, C.5, C.6, D.1, D.3, D.4.

Ní hionann figiúr pá an Státchiste mar atá nochta sna meastacháin athbhreithnithe agus iomláine an phá don líon foirne a nochtadh faoi Nóta 5. I gcás na gcomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh/Theas, maoiníonn na Ranna coimirce sa dá dhlínse an caiteachas ar phá ar bhonn pro-rata comhaontaithe.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 € | Uasíocaíocht aonair 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 50 | 3 | 17,742 | 12,090 |
| Liúntais eile | 575 | 3 | 18,307 | 24,803 |
| Ragobair | 564 | 50 | 23,435 | 20,110 |

Tá na sonraí i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin a chuireann na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach amháin.

Fuair daoine áirithe luach saothair breise in níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Athfhostaíodh cúigear státseirbhíseach atá ar scor agus iad ag fáil pinsean státseirbhíse ar costas iomlán €17,323. Níor cuireadh laghdú pinsin i bhfeidhm ós rud é nár measadh gur bhain sin le feidhm sna cásanna seo.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

Ba é iarmhéid na ró-íocaíochtaí párolla a bhí gan íoc ag 31 Nollaig 2014 ná €20,345 (2013: €10,981).

# 6 Ilghnéithe

**6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta**

| Fo-mhírcheann | Cur Síos | 2014 Meastachán €000 | 2014 Toradh €000 | 2013 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 56,893 | 56,668 | 60,602 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,493 | 4,493 | 4,446 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,695 | 3,768 | 4,327 |
| | | 65,081 | 64,929 | 69,375 |

Tá liosta iomlán deontaithe faoi fo-cheannteideal C.4 ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (www.ahg.gov.ie).

**6.2 Costais Dlí**

Tá an costais dlí a íocadh le linn na bliana rangaithe mar seo a leanas

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Táillí dlí | 22 | 23 |
| Costais chúitimh | 34 | 128 |
| | 56 | 151 |

**6.3 Ús Ar Íocaíochtaí Déanacha**

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis dlite | 23 | 5 |

**6.4 Caillteanas Sócmhainní**

Tá an t-imscrúdú a chuir an Garda Síochána ar bun in 2012 maidir le caillteanas roinnt rudaí a bhí á stóráil go príobháideach thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fós ag dul ar aghaidh. Ní dhearnadh aon choigeartú ar na figiúirí taifeadta i Nóta 2.2 ag feitheamh ar chur i gcrích imscrúdú na nGardaí.

**6.5 Tabhairt ar aghaidh go 2015**

Faoi fhoráil Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh ar aghaidh go 2015 €6.22 milliún de leithdháileadh neamhchaite i dtaca le heilimintí caipitil do na fo-cheannteidil A.15 (€1,216,000), A.16 (€4,750,000) agus C.11 (€250,000).

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

**7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheoláras Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 4,707 | 4,948 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,300 | 2,411 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2,300 | 2,514 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,130 | 1,197 |
| | 10,437 | 11,070 |

**7.2 Ciste Tiomnachta Crowley**

Ghlac an Stát leis an tiomnacht i 1997, le húsáid chun tabhairt faoi thionscadal a bhain le liostú, micreascannánú agus foilsiú Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1815-1853. Baineann an táille ar an gciste le costais chaomhantais agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 411 | 411 |
| Fáltais | 35 | 67 |
| Íocaíochtaí | (37) | (67) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 409 | 411 |

**7.3 Ráiteas Iasachtaí do Thithíocht Ghaeltachta**

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir | | 201 | 207 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | | 4 | 5 |
| Díscríobh iasachtaí | | — | — |
| Díscríobh úis | | (4) | (2) |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Príomhshuim | (9) | | |
| Ús | (3) | (12) | (9) |
| Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig | | 189 | 201 |

# Aguisín

**Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu**

Tá an Roinn ag bainistiú sé láthair Páirce Náisiúnta faoi láthair, eadhon

1 Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
2 Páirc Náisiúnta Bhoirne
3 Páirc Náisiúnta Chonamara
4 Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
5 Páirc Náisiúnta Chill Airne
6 Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

In 2013, chuir an Roinn tús le tionscadal fadtéarma atá dírithe ar an bunachar sonraí leictreonach d'fhaisnéis ar mhaoine a fhorbairt i dtaca leis an talamh agus na foirgnimh atá faighte ag an Roinn. Leanadh ar aghaidh leis an obair seo i 2014.